Dámhachtain Sparánachta do Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas, 2020

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Spriocdháta: 5.30 pm, Déardaoin, 30 Iúil 2020

CLÁR

Seicliosta don iarratas 2
Cabhair a fháil maidir le d'iarratas 3
1. Faisnéis faoin Dámhachtain Sparánachta do Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas 4
1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana 4
1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 5
1.3 Cé hé an t-iarratasóir? 6
1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? 6
1.5 Cad ar ar féidir leat iarratas a dhéanamh? 7
1.6 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air? 8
1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas? 8
1.8 Incháilitheacht 9
2. D'iarratas a dhéanamh 11
2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon 11
2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais 12
2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas 14
2.4 Iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne 15
3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas 17
3.1 Forbhreathnú 17
3.2 An próiseas measúnaithe 17
3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú 18
3.4 Próiseas an phainéil piaraí 19
3.5 Toradh na n-iarratas 20
3.6 Achomhairc 21

Seicliosta don iarratas

Úsáid na seicliostaí thíos chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas comhlánaithe go hiomlán.

Nithe riachtanacha do gach iarratas (cuir tic le gach uile cheann acu seo)

- ☐ Tá gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le m'iarratas comhlánaithe agam.
- ☐ Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam (mar a shonraítear i g**cuid 1.7** thíos), agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.

Míreanna atá éigeantach i gcás iarratais áirithe (cuir tic leo siúd a bhaineann le d'iarratas)

- ☐ Baineann mo thogra le hobair atá dírithe ar leanaí agus/nó dhaoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois nó beidh leanaí agus/nó daoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois rannpháirteach ann. Tuigim má éiríonn le m'iarratas go mbeidh orm, mar choinníoll maoiniúcháin, a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm. (Tá tuilleadh eolais ar www.tusla.ie.)
- ☐ Tá obair le daoine soghonta i gceist le mo thogra, agus tá admháil go gcloím leis an mbeartas agus na nósanna imeachta náisiúnta um chosaint daoine soghonta atá i mbaol mí-úsáide atá ar fáil ar www.hse.ie (*"Safeguarding Vulnerable Persons at Risk of Abuse – National Policy and Procedures"*) curtha isteach agam.
- ☐ Tá obair le hainmhithe i gceist mar chuid de mo thogra, agus tá cóip den cháipéis *Beartais agus Nósanna Imeachta um Chosaint agus Leas Ainmhithe* de mo chuid curtha isteach agam.

Míreanna eile atá ábhartha maidir le m'iarratas, dar liom (cuir tic leo siúd a bhaineann le d'iarratas)

- ☐ Braitheann mo thogra ar shaineolas daoine nó eagraíochtaí ainmnithe eile, agus tá cáipéis ina sonraítear na daoine sin agus a gcuid saineolais réidh le huaslódáil agam.
- ☐ Áirítear le mo thogra ábhar eile atá ábhartha maidir le m'iarratas agus atá réidh le huaslódáil agam.

An dara tuairim (cuir tic leis an mír seo)

- ☐ D'iarr mé ar dhuine éigin eile m'iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

- Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas agat sa réimse sin, téigh i dteagmháil le hOifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, Adrienne Martin, ar an nguthán (01 6180219) nó ar ríomhphost (adrienne.martin@artscouncil.ie) **trí seachtaine ar a laghad roimh** an spriocdháta.
- Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie
- Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid ar fáil i rannán na gCeisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon ag: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/
- Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos
- Má tá cabhair uait maidir leis an méid atá i d'iarratas, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ag 01 6180200 nó ar an ríomhphost ag awards@artscouncil.ie

NÓTA FAOIN TREOIR SLÁINTE POIBLÍ MAIDIR LE COVID-19

Agus d'iarratas á réiteach, ba cheart duit é a bhunú ar an gcomhairle agus treoir sláinte poiblí is fearr atá ar fáil ag an am a bhfuil d'iarratas á dhéanamh agat.

Mar gheall air seo, ba cheart duit a chinntiú go bhfuil an méid atá á mholadh agat indéanta nó inoiriúnaithe má bhíonn tionchar ag scaradh sóisialta agus/nó bearta sláinte poiblí eile ar do thréimhse sparánachta ar fad nó ar chuid den tréimhse sin.

1. Faisnéis faoin Dámhachtain Sparánachta do Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas

1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Is é an cuspóir atá leis an Dámhachtain Sparánachta tacú le forbairt ghairmiúil ealaíontóirí cleachtacha trína chur ar a gcumas ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:

- Am dírithe a chaitheamh ag obair ar a gcleachtas
- Am a chaitheamh ag déanamh taighde/ag smaoineamh/ag forbairt smaoineamh nua lena scaipeadh sa todhchaí
- Am a chaitheamh ag forbairt a scileanna teicniúla i réimse ar leith
- Am a chaitheamh ag forbairt/ag foghlaim scileanna nua maidir lena gcleachtas nó réimse spéise
- Am a chaitheamh ag obair le meantóir, nó comhoibrí/comhoibrithe chun smaoineamh a fhorbairt, nó chun cabhrú le réimse ar leith dá gcleachtas, nó réimse a bhaineann lena gcleachtas a fhorbairt nó a uas-sciliú
- Am a chaitheamh ag forbairt smaoinimh i gcomhar le comhpháirtí/comhpháirtithe léirithe féideartha
- Tabhairt faoi thréimhse ghairid oiliúna trí mháistir-ranganna nó deiseanna oiliúna gairmiúla eile (bíodh sin go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta)
- Méid teoranta trealaimh agus ábhair a cheannach le cabhrú le forbairt a chleachtais (N.B. ní féidir níos mó ná 15% de luach an iarratais iomlán ar thacaíocht a chaitheamh air sin)
- Am a chaitheamh ag tabhairt faoi aon mheascán de na gníomhaíochtaí thuas

Tacaíonn an Dámhachtain Sparánachta do Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas go sonrach le forbairt ghairmiúil ealaíontóirí[1] atá ag obair le leanaí nó le daoine óga, nó ag léiriú saothar dóibh, i raon foirmeacha ealaíne. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le tograí féideartha:

- Cur ar chumas ealaíontóra ghairmiúil ag a bhfuil cuid mhór taithí ina a f(h)oirm ealaíne ach nach bhfuil mórán taithí aige/aici ar shaothar a fhorbairt in éineacht le lucht féachana/rannpháirtithe óga a (h)eolas agus a c(h)umas a fhorbairt sa réimse seo

[1] Chun críocha na dámhachtana seo, sainmhínítear ealaíontóir mar ealaíontóir aonair nó cleachtóir ealaíon atá ag obair i gcáil chruthaitheach in aon fhoirm ealaíne inarb é príomhchúram an duine aonair an taithí ealaíonta ardchaighdeáin do leanaí agus do dhaoine óga, d'ainneoin aon aidhmeanna gaolmhara oideachais nó eile. Áirítear leo siúd ealaíontóirí cruthaitheacha agus taibhealaíontóirí i réimse leathan disciplíní, coimeádaithe, éascaitheoirí ealaíon, nó cláraitheoirí ealaíon.

- Deis a thabhairt d'ealaíontóir gairmiúil oibriú le meantóir ardcháilithe a bhfuil taithí aige nó aici
- Cur ar chumas ealaíontóra óig (idir 18 mbliana agus 24 bliain d'aois) a léirigh ceannasaíocht ealaíonta agus nuálaíocht ina (h)iarrachtaí ealaíonta mar dhuine óg a c(h)umas gairmiúil a fhorbairt chun go mbeadh rannpháirtithe nó lucht féachana óga eile páirteach sna healaíona.

Tosaíochtaí straitéiseacha

Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis an méid seo a leanas a aithint mar thosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh tacaíochta tríd an dámhachtain seo:

- Tograí ina léirítear na tairbhí d'fhorbairt cleachtas an ealaíontóra, agus na tairbhí ionchais do leanaí agus do dhaoine óga a rachaidh an saothar i gcion orthu le linn na sparánachta nó ina diaidh.
- Tograí ina léirítear conas a dhoiciméadóidh, a roinnfidh agus a scaipfidh ealaíontóir lena phiaraí aon torthaí a thagann ón tréimhse sparánachta seo.
- Tograí a chuireann ar chumas ealaíontóirí machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas agus é a fhorbairt i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara ar nós lucht féachana agus rannpháirtithe féideartha, comhghleacaithe gairmiúla, agus oideachasóirí (ar scoil/lasmuigh den scoil). Ach, de réir an mhéid thuas, d'fhéadfaí tograí mar sin a fhorbairt ar bhealach atá inoiriúnaithe más rud é go mbíonn tionchar ag bearta scartha shóisialta ar an méid is féidir a dhéanamh.

Cuireann straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–2025), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* an bonn eolais faoi na dámhachtainí uile (féach anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/).

1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an dámhachtain oscailte d'ealaíontóirí atá ag obair sna seánraí go léir agus ag gach céim dá ngairmréim. Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór d'iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- A bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann. Bíonn cásanna eisceachtúla ann nuair a ghlacann an Chomhairle Ealaíon le hiarratais incháilithe ó dhaoine nach cónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann iad. Sula n-admhódh an Chomhairle Ealaíon go bhfuil iarratais den sórt sin incháilithe, áfach, bheadh ar an iarratasóir a shonrú go soiléir san iarratas an chaoi a gcuirfeadh torthaí togra den sórt sin leis na healaíona i bPoblacht na hÉireann, agus chaithfeadh an Chomhairle Ealaíon a bheith sásta leis sin freisin.
- Is ealaíontóirí gairmiúla cleachtacha iad. Cé nach gá go dtuilleann siad ioncam go leanúnach ná go heisiach óna gcleachtas ealaíon, ní mór do na hiarratasóirí iad féin a aithint agus a bheith aitheanta ag a bpiaraí mar ealaíontóirí gairmiúla atá i mbun cleachtaidh.

- De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chinntiú go dtugtar faoi bhearta beartais dhearfaigh chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tarraingíonn an Chomhairle Ealaíon aird ar an gcúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannais deiseanna a chinntiú. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, na tréithe thuasluaite ina measc ach nach bhfuil teoranta dóibh.

1.3 Cé hé an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an té a gheobhaidh aon mhaoiniú a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an mhaoinithe sin.

Ní íocfar aon mhaoiniú a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá in ainm an iarratasóra.

Níor mhór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm an iarratasóra, e.g. má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Máire de Barra, níor mhór go mbeadh gach cáipéis, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha éagsúla amhail Mary Barry nó Máire Barry.

1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Áirítear na daoine seo a leanas leo siúd nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh:

- Daoine atá i mbun oideachas fochéime faoi láthair agus/nó a bheidh ina bhun le linn na tréimhse a bhfuil an sparánacht seo ar fáil di
- Comhaltaí Aosdána a fhaigheann cnuas.

Ní féidir leat ach **aon cheann amháin** de na dámhachtainí seo a leanas a fháil in 2020:

- Sparánacht, Babhta 1
- Sparánacht, Babhta 2
- Dámhachtain d'Ealaíontóirí na Chéad Ghlúine Eile
- Dámhachtain Markievicz

Tabhair faoi deara:

- Má tá iarratas déanta agat cheana ar dhámhachtain Sparánachta, Babhta 1 (in aon fhoirm ealaíne nó réimse cleachtas ealaíne), **féadfaidh** tú iarratas a dhéanamh arís ar Bhabhta 2, ach ní leis an togra céanna.
- Má tá iarratas déanta agat ar Dhámhachtain chun Freagairt do Ghéarchéim Covid-19, is cuma má d'éirigh leat nó murar éirigh, **féadfaidh** tú iarratas a dhéanamh ar Sparánacht, Babhta 2.
- Má tá iarratas déanta agat ar an dámhachtain d'Ealaíontóirí na Chéad Ghlúine Eile, 2020 **féadfaidh** tú iarratas a dhéanamh ar Sparánacht, Babhta 2, ach ní leis an togra céanna, agus ní bhronnfar an dá cheann ort.
- Má fuair tú Gradam Markievicz in 2020, **ní fhéadfaidh** tú cur isteach ar Sparánacht, Babhta 2

1.5 Cad ar ar féidir leat iarratas a dhéanamh?

Dámhfar ceann de na suimeanna seo leanas ar gach iarratasóir rathúil in aon bhliain amháin (ag braith ar an tsraith lena mbaineann):

- €15,000
- €10,000
- €5,000

Cuir an tsraith ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat in iúl i g**cuid 3** den fhoirm iarratais.

Tabhair faoi deara go measfar go bhfuil d'iarratas **neamh-incháilithe** má chuireann tú isteach ar níos mó ná an t-uasmhéid thuasluaite.

Tabhair faoi deara – mar bheart sealadach i gcomhthéacs an cháis Covid-19 faoi láthair – go mb'fhéidir go gcinnfeadh an Chomhairle Ealaíon méid níos lú ná a iarradh a bhronnadh d'fhonn tacú leis an líon ealaíontóirí agus is féidir.

Tá an sparánacht ar fáil ar feadh suas le bliain amháin; ní bhronnfar dámhachtainí ilbhliantúla.

Leagtar béim sa dámhachtain ar chumas ealaíontóirí 'am a cheannach'. Dá bhrí sin, ba cheart an méid a íocfaidh tú leat féin as an am a chaithfidh tú ag forbairt do chleachtais mar ealaíontóir a chur san áireamh sa mhéid a iarrann tú. D'fhéadfadh go mbeadh sé seo cothrom le suas le 100% den dámhachtain.

Ba cheart duit íocaíocht chuí a thabhairt duit féin. Ná cuir isteach ar mhéid atá níos lú ná an méid a theastódh chun do chuspóirí a bhaint amach.

Ba cheart go léireodh an méid a shonraíonn tú mar íocaíocht duit féin – agus d'aon mheantóirí nó comhoibrithe atá ag obair leat – an méid ama a chaithfidh tú ar an tasc, agus ba cheart go dtiocfadh sé leis na gnáthchoinníollacha a nglactar leo i réimse do chleachtais ealaíon.

Ceadaítear costais eile faoin dámhachtain más costais bhunúsacha iad chun tacú le forbairt chleachtas an ealaíontóra – e.g.

- Táillí cuí don am a chaitheann aon mheantóirí nó comhoibrithe a oibríonn leat ar an ngníomhaíocht nó ar na gníomhaíochtaí, a bhfuil tacaíocht uait ina leith [Má tá siad sin á n-íoc ó fhoinse eile agus á dtairiscint duit mar shochar comhchineáil, ba cheart é sin a shoiléiriú i do thogra.]
- Ábhair nó seirbhísí ar cíos atá riachtanach chun do chleachtas ealaíne a fhorbairt chomh fada is go bhfuil sé soiléir go mbaineann na costais sin le do thogra.

Chomh maith leis na gnáth-theorainneacha a luaitear thuas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon breithniú ar chostais a bhaineann go sainiúil le cruthú saothair ag ealaíontóirí faoi

mhíchumas. Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú breise ar an mbonn sin, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ag sonrú na gcostas breise sin.

Cén seans atá agat tacaíocht a fháil?

Is dámhachtain iomaíoch í seo. Táimid ag súil go bhfaighimid níos mó iarratas ná mar is féidir leis an gComhairle Ealaíon tacaíocht a thabhairt dóibh.

I gcás go moltar tograí i gcomhair maoiniú, déanfaimid iarracht nuair is féidir freagairt ina iomláine do na méideanna a iarradh. Mar sin féin, coimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart chun méid níos lú a thairiscint d'iarratasóirí ná a iarradh, má mheastar tograí a bheith indéanta ar scála laghdaithe.

1.6 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain sparánachta amháin (in aon fhoirm ealaíne nó in aon chleachtas ealaíon) in aon bhabhta maoinithe amháin.

I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá siad seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na dámhachtana
- Gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, amhail Cultúr Éireann
- Gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas
- Gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó a bheidh ar siúl go príomha chun brabús a dhéanamh
- Gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin. Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.

1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?

Ciallaíonn ábhar tacaíochta ábhar **ar leith ó** d'fhoirm iarratais agus **sa bhreis air**. Cabhraíonn sé seo leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra. Léigh go cúramach cén t-ábhar tacaíochta a theastaíonn thíos, mar is é an chúis is mó a mbíonn iarratais neamh-incháilithe ná go dteiptear cloí leis sin.

Le bheith incháilithe i gcomhair Dámhachtain Sparánachta do Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas, **caithfidh** tú an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

- CV mionsonraithe cothrom le dáta
- Idir sampla amháin agus trí shampla dhoiciméadaithe ar do chleachtas ealaíne. Tabhair samplaí de do chleachtas le leanaí agus daoine óga, nó dóibh, má oibríonn tú sa réimse seo cheana féin. Féach ar chuid 2.3 chun tuilleadh faisnéise a fháil ar na bhformáidí comhaid a nglactar leo.

Measfar nach mbeidh d'iarratas incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar riachtanach tacaíochta isteach.

Ábhar tacaíochta roghnach

Anuas ar an ábhar tacaíochta riachtanach thuasluaite, molaimid duit na hábhair seo a leanas a chur isteach freisin, mar gur féidir leo cabhrú linn do thogra a thuiscint.

- Ráiteas ar do chleachtas ealaíon (leathanach amháin ar a mhéad) mar go gcabhróidh sé sin chun comhthéacs a leagan amach do do thogra.
- Ráitis nó litreacha tacaíochta ó phríomh-chomhpháirtithe atá aitheanta san iarratas atá lárnach do do thogra (e.g. rannpháirtithe nó ionadaithe grúpa, ealaíontóirí eile, meantóirí, maoinitheoirí agus aon chomhpháirtithe eile).

Féadfaidh tú freisin aon ábhar eile a chur isteach a mheasann tú atá ábhartha faoi choinne d'iarratais. Ach, ní thig linn a dheimhniú go léifimid ábhar tacaíochta taobh amuigh de na tacaíochtaí riachtanacha agus tacaíochtaí roghnacha thuasluaite.

An fhormáid le haghaidh ábhar tacaíochta

Ní mór gach ábhar tacaíochta don Dámhachtain Sparánachta do Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta i gcruachóip.

1.8 Incháilitheacht

Measfar go bhfuil d'iarratas **neamh-incháilithe** agus ní chuirfear é chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

1. Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.
2. Ní sheolann tú isteach foirm iarratais chomhlánaithe trí Sheirbhísí Ar Líne (ní ghlacfar le foirm iarratais a cheanglaítear mar cháipéis tacaíochta).
3. Níor chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais a bhaineann le do thogra.
4. Níl tú incháilithe iarratas a dhéanamh faoi na critéir a leagtar amach i gcuid 1.2 agus i gcuid 1.4 thuas.
5. Chuir tú isteach ar mhéid maoinithe atá níos mó ná an t-uasmhéid a cheadaítear don dámhachtain ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat, faoi mar a leagtar amach i gcuid 1.5 thuas.
6. Chuir tú iarratas isteach le haghaidh gníomhaíochta nó cuspóra nach féidir iarratas a dhéanamh ina leith faoi mar a leagtar amach i gcuid 1.6 thuas.
7. Níor chuir tú gach ceann de na hábhair thacaíochta riachtanacha mar a leagtar amach i gcuid 1.7 thuas ar fáil.
8. Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht mhaoinithe eile (cuirfimid an deis maoinithe níos oiriúnaí in iúl duit sa chás seo).

Tabhair faoi deara: sa chás go meastar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfar measúnú air agus beidh tú incháilithe iarratas a dhéanamh leis an togra céanna i mbabhtaí maoinithe sa todhchaí. Ba cheart duit a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais incháilitheachta má chuireann tú isteach arís ar mhaoiniú eile.

2. D'iarratas a dhéanamh

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).

Ní mór go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.

Laistigh de chúig lá oibre seolfar ARN (uimhir thagartha ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat (i ríomhphost), agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

Ríomhaire	Windows 7 nó níos déanaí le Internet Explorer 8.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí
Mac	Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó Safari 10 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 32 nó níos déanaí **Tabhair faoi deara:** Má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, úsáid Firefox nó Chrome.

Tabhair faoi deara: Ní mór go mbeadh Microsoft Word nó OpenOffice Writer ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú. Bogearraí saor in aisce é OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil ó http://openoffice.org.

Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos túisce a úsáid.

Nuair a úsáideadh leaganacha níos déanaí de OpenOffice Writer ná 4.0.1 bhí fadhbanna leis an gcuma a bhí ar na foirmeacha iarratais nuair a cuireadh isteach trí na Seirbhísí ar Líne iad.

Féach ar fhíseán na Comhairle Ealaíon *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag https://www.youtube.com/user/ArtsCouncilDemos.

Ba cheart d'úsáideoirí Apple Mac aird a thabhairt ar an gcuid a phléann leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar Apple Mac a bhfuil na leaganacha is déanaí de Mac OS suiteáilte orthu.

Tabhair faoi deara: I gcomhair MacOS 10.15 Catalina, úsáid OpenOffice Writer 4.1.7.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis **2.30pm ar an dáta deiridh** roimh an spriocdháta.

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis atá comhoiriúnach le Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

Do chás a chur i láthair

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir le cén fáth ar cheart duit maoiniú a fháil, ba cheart duit breithniú an-chúramach a dhéanamh ar cad a chuirfidh tú ar áireamh sna codanna seo a leanas den fhoirm:

1.6 Inis dúinn fút féin	Abair cúpla rud fút féin agus tabhair breac-chuntas ar ar bhain tú amach le gairid ó thaobh na n-ealaíon de.
1.7 Céim de ghairmréim	I gcomhréir le tiomantas na Comhairle Ealaíon chun tacú le healaíontóirí ag príomhchéimeanna dá ngairmréim, chuireamar ceist isteach ag fiafraí cé acu céim is fearr a dhéanann cur síos ar an gcéim ag a gceapann tú go bhfuil tú i do ghairmréim.
1.8 Comhionannas agus	I gcomhréir le tiomantas na Comhairle Ealaíon i leith an

éagsúlacht	Chomhionannais agus na hÉagsúlachta, mar atá leagtha amach inár mBeartas agus Straitéis um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht, tá roinnt ceisteanna againn thíos a chabhróidh linn tuiscint níos fearr a fháil ar na healaíontóirí agus na daoine a mbímid rannpháirteach leo.
2.1 Achoimre ar do thogra	Déan achoimre ar do thogra (suas le trí phointe ghearra).
2.2 Sonraí faoi do thogra	Cuid lárnach de do thogra is ea an méid a scríobhfaidh tú anseo agus ba cheart go gcabhródh sé leis na daoine a mbeidh baint acu le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas tuiscint a fháil ar céard is mian leat a dhéanamh agus cén fáth. I measc na sonraí a d'fhéadfaí a chur isteach, tá míniú praiticiúil ar an ngníomhaíocht atá beartaithe agat, do chuid spriocanna agus uaillmhianta ealaíonta, an mór-chomhthéacs ina bhfuil tú ag déanamh an togra, agus aon fhaisnéis eile a mheasann tú a bheith ábhartha. B'fhéidir go dteastódh uait ábhar tacaíochta ábhartha a lua a chabhraíonn chun cineál do thogra a mhíniú, ar nós litreacha comhaontaithe le príomh-chomhoibrithe; agus samplaí de do chuid saothair a cruthaíodh cheana nó do chleachtas ealaíonta reatha ina leagtar amach an comhthéacs don mhéid a theastaíonn uait a dhéanamh. Ná glac leis go mbeidh taithí ag measúnóirí nó ag na daoine ar an bpainéal ar do chuid oibre.
2.3 D'iarratas agus na critéir mheasúnaithe	Déan cur síos ar an dóigh a gcomhlíonann d'iarratas gach ceann de na critéir mheasúnaithe – féach ar chuid **3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú**.
2.4 Na príomhghníomhaíochtaí i do thogra	Liostaigh príomhghníomhaíochtaí ar bith a bhaineann le do thogra anseo. Cuir an láthair agus na dátaí in iúl i ngach cás. Mura mbaineann ach gníomhaíocht amháin le do thogra, liostaigh an ghníomhaíocht sin.
2.5 Ealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra	Ba cheart duit na healaíontóirí, na daoine aonair, na grúpaí nó na heagraíochtaí uile a bhfuil baint acu le do thogra a liostáil anseo. Ba cheart duit freisin, más cuí, sonraí faoi shaineolas na ndaoine sin a chur isteach agus a uaslódáil in éineacht le d'iarratas.
3 Sonraí an Bhuiséid	Seo an áit a gcuireann tú isteach an méid atá á lorg agat. Má bhíonn aon chostais bhreise, nó míreanna ioncaim bhreise agat, ba cheart duit iad a chur ar fáil anseo. Féach ar chuid **1.5 Cad ar ar féidir leat iarratas a dhéanamh?** thuas.

2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. De ghnáth, áirítear leis sin samplaí de shaothar reatha de do chuid – e.g. téacs, físeán, íomhánna, nó taifeadtaí fuaime.

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta uile a chur isteach ar líne; ba cheart duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid atá inghlactha mar chuid d'iarratas.

Cineál comhaid	Iarmhír comhadainm
téacschomhaid	.rtf/.doc/.docx/.txt
comhaid íomhá	.jpg/.gif/.tiff/.png
comhaid fuaime	.wav/.mp3/.m4a
comhaid físe	.avi/.mov/.mp4
scarbhileoga	.xls/.xlsx
Comhaid Adobe Acrobat Reader	.pdf

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

Naisc YouTube a chur isteach

Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar YouTube (www.youtube.com) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán na háite ina bhfuil d'ábhar á óstáil ar YouTube) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer agus uaslódáil í mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Tabhair faoi deara: ní mór go mbeadh aon naisc a chuireann tú ar fáil á n-óstáil ar YouTube. **Ní** fhéachfar ar naisc le suíomhanna óstála eile. Ní fhéachfar ar shuíomhanna óstála eile mar nach féidir ach naisc YouTube a dheimhniú mar naisc a uaslódáladh roimh an spriocdháta.

Seiceáil go n-oibríonn an nasc ó laistigh den cháipéis a uaslódálfaidh tú – i.e., go nascann sé i gceart le d'ábhar ar YouTube.

Mura mian leat go mbeadh ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube chun críocha d'iarratais le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú d'fhíseán a ainmniú mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe.

Comhaid a ainmniú go cuí

D'fhonn cuidiú leis an bpróiseas measúnaithe, ba cheart duit comhadainm a thabhairt ar gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil; ní mór go léireodh an comhadainm sin go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Féadfaidh tú cáipéisí a chur isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí, mar seo a leanas:

Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell	russelljack iarratas.doc russelljack obair idir lámha.doc russelljack catalóg.pdf russelljack nasc youtube.doc

Féadfaidh tú an t-ábhar tacaíochta uile a chur isteach in aon cháipéis amháin d'fhoirmeacha ealaíne nó do réimsí cleachtas ealaíne sonracha. Déan cinnte go bhfuil leathanach clár ábhar sa cháipéis má chuireann tú an t-ábhar isteach in aon cháipéis amháin.

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

2.4 Iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

1. Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

2. Iarr méid an mhaoinithe

Iontráil an méid atá á lorg agat i gcuid **A. An méid atá á iarraidh san iarratas**. Ba cheart go mbeadh an méid a iontrálann tú anseo díreach cosúil leis an méid a iarrann tú i gcuid 3 de d'fhoirm iarratais.

3. Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais atá comhlánaithe agus sábháilte a uaslódáil, mar aon le do CV agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach ar chuid **1.7 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

4. Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d'iarratas uaslódáilte agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost ina dhiaidh sin. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhainfidh leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara**: tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh an uimhir iarratais. Tabhair faoi deara **nach** ionann an deimhniú a fhaightear go bhfuarthas d'iarratas agus deimhniú go bhfuil an t-iarratas incháilithe agus go ndéanfar measúnú air.

3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le maoiniú a bhronnadh.

3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

1	I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost: • Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis. • Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas. **Tabhair faoi deara:** ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh maoiniú. Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie
2	Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Féach ar chuid 1.8 ar 'Incháilitheacht' thuas.
3	I roinnt cásanna, b'fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air an ceann is oiriúnaí do do thogra. I gcás mar sin, déanfaimid teagmháil leat agus fiafróimid díot an bhfuil tú sásta go mbogfaimid d'iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Beidh ort ansin rogha a dhéanamh d'iarratas a bhogadh, nó é a fhágáil faoin réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air.
4	Déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú scríofa ar an iarratas bunaithe ar na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i gcuid 3.3 thíos.
5	Molann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart.
6	Déanann an painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar, ansin tugann sé scóir agus déantar cinntí.
7	Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.
8	Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí.

Achar ama

Déanann an Chomhairle Ealaíon dianiarracht iarratais a mheasúnú chomh luath agus is féidir ach mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, tógfaidh sé **suas le deich seachtaine** ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh.

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear na hacmhainní atá ar fáil san áireamh. Déantar gach iarratas a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas:

- Caighdeán ealaíonta
- Na bealaí ina gcomhlíontar cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana iontu
- Indéantacht.

Is é seo a leanas an próiseas a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar na critéir sin:

Caighdeán ealaíonta

I gcás an mheasúnaithe ar chaighdeán ealaíonta, dírítear ar chleachtas an ealaíontóra roimhe sin agus ar nádúr an togra. Áirítear anseo:

- Cuntas teiste agus/nó cumas an ealaíontóra a léirítear leis an bhfoirm iarratais, an CV agus leis na hábhair thacaíochta eile a cuireadh isteach
- An ghníomhaíocht ealaíon nó na gníomhaíochtaí ealaíon atá beartaithe de réir mar a léirítear san fhoirm iarratais
- Cleachtas an ealaíontóra arna léiriú leis an ábhar tacaíochta a cuireadh isteach
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe
- An uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe ag an ealaíontóir.

Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a bhaint amach

Déantar iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh – féach ar chuid **1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana** faoi choinne sonraí.

Mar shampla, d'fhéadfaí go n-áireofaí le measúnú den sórt sin breathnú ar an tairbhe a bhainfeadh cleachtas an ealaíontóra as an ngníomhaíocht atá beartaithe agus ar an bhforbairt a dhéanfaí ar an gcleachtas sin, nó ar an méid a bpléitear leis na tosaíochtaí ar leith a aithníodh.

Cé go bhféadfadh iarratasóirí foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon eile a roghnú atá ábhartha dá n-iarratas, déanfaidh an fhoireann atá freagrach as an bpríomhfhoirm ealaíne roghnaithe an measúnú agus d'fhéadfaidís siúd, i gcásanna áirithe, measúnú tánaisteach a iarraidh ar fhoireann ealaíon eile.

Indéantacht

Breathnaítear sa mheasúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir an ghníomhaíocht atá beartaithe a chomhlíonadh. Áirítear air sin breathnú ar na nithe seo a leanas:

- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe
- An méid maoinithe atá á lorg i gcomparáid le nádúr agus fad na hoibre beartaithe
- Más ábhartha, infhaighteacht na dtacaíochtaí nó na gcomhpháirtithe eile a ainmnítear san iarratas.

3.4 Próiseas an phainéil piaraí

Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun faisnéis a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. De ghnáth cuimsíonn painéil phiaraí triúr moltóirí seachtracha ar a laghad a bhfuil saineolas ábhartha acu ar an bhfoirm ealaíne agus/nó ar an gcleachtas ealaíon.

Bíonn comhalta de chuid na Comhairle Ealaíon i gceannas ar gach cruinniú de ghnáth agus gníomhaíonn an comhalta sin mar chathaoirleach gan ceart vótála. Freastalaíonn comhairleoirí agus foireann na Comhairle Ealaíon ar na cruinnithe de réir mar is gá, agus bíonn na daoine a raibh baint acu le measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun faisnéis a sholáthar, de réir mar is gá. Beidh rochtain ag lucht an phainéil ar gach iarratas ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar go léir lá roimh an gcruinniú, tráth a ndéanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil. Ina dhiaidh sin, déantar iarratais a rangú de réir scóir. Mar thoradh ar an gcomhthéacs iomaíoch agus ar an mbuiséad ar fáil, is dóigh nach mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann a mhaoiniú ach líon beag de na hiarratais a gheofar.

Próiseas Scórála

Iarrtar ar an bpainéal na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

A – Caithfear a Mhaoiniú (10 bpointe): dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir go léir san iarratas le haghaidh na dámhachtana agus go bhfuil maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin, an méid atá á iarraidh más féidir.

B – Ba Chóir a Mhaoiniú (8 bpointe): dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige má tá acmhainní ar fáil.

C – D'fhéadfaí a Mhaoiniú (5 phointe): dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread sin leis na hiarratais eile ó thaobh iomaíochta de.

D – Ní Tosaíocht É (2 phointe): dar leis an gcomhalta painéil nár comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige.

Dearbhú leasa

D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór do chomhaltaí painéil leas a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má

tá baint acu ar shlí ar bith leis an iarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' (e.g. áit a bhféadfadh duine tairbhe airgeadais a bhaint as cinneadh) nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire, nó comhpháirtíochtaí, caidrimh phearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.).

Ní mór an leas a dhearbhú a luaithe agus is eol don chomhalta painéil é. D'fhéadfadh sé sin tarlú nuair a iarrtar air/uirthi suí ar an bpainéal (más eol an 'leas' ag an bpointe sin) nó tar éis liosta na n-iarrthóirí a fháil. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an comhalta painéil sin páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Nuair a thagann an cás sin aníos, vótálfaidh an Cathaoirleach in ionad an chomhalta painéil.

I roinnt cásanna b'fhéidir nach dtuigfeadh comhalta painéil go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann sé/sí na páipéir phainéil chun iad a athbhreithniú. I gcásanna den sórt sin ní mór don chomhalta painéil ball foirne den Chomhairle Ealaíon nó Cathaoirleach an phainéil a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann siad go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Sa chás go gcuireann beirt ón bpainéal in iúl go bhfuil coinbhleacht leasa acu i leith aon iarratais amháin, beidh an cathaoirleach páirteach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta i gcás an iarratais shonraigh sin.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dó/di é sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dó/di go bhfuil a leithéid ann agus an fógra sin a thabhairt i scríbhinn roimh an gcruinniú. Sa chás sin, beidh an Ceann Foirne mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an iarratas a bhfuil coinbhleacht leasa i gceist leis.

3.5 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-iarratas.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe a bhronnfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon. Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

3.6 Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/ nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.